

Scéal

Story

(le Gabriel Rosenstock)

An Seangán agus an Colúr (ó <i>Fear na bPéistíní</i>)	The Ant and the Pigeon (from <i>The Worm Man</i>)
1. Bhí tart ar an seangán.	The ant was thirsty.
2. Chuaigh sé go dtí an abhainn chun deoch a ól.	He went to the river in order to drink a drink.
3. Sciorr a choisín.	His little foot slipped.
4. Thit sé isteach.	He fell in.
5. “Fóir orm!” ar seisean.	“Save me!” he said.
6. “Fóir orm! Níl mé in ann snámh!”	“Save me! I can’t swim!”
7. Chuala colúr é.	A pigeon heard him.
8. Bhí cipín ina bhéal aige.	It had a stick in its mouth.
9. Lig sé don chipín titim isteach san abhainn. Plap!	It let the stick fall into the river. Plop!
10. “Suas leat ar an gcipín,” arsa an colúr leis an seangán.	“Up on the stick,” said the pigeon to the ant.
11. “Go raibh míle maith agat,” arsa an seangán.	“Thanks a lot,” said the ant.
12. Bhí an seangán slán sabháilte.	The ant was safe and sound.
13. Cúpla mí ina dhiaidh sin tháinig fear agus gunna aige ina lámh.	A few months after that a man came with a gun in his hand.
14. Chonaic sé an colúr.	He saw the pigeon.
15. D’ardaigh sé a ghunna.	He raised his gun.

16. Dhún sé súil amháin.	He closed one eye.
17. Chuir sé méar ar an trucear.	He put a finger on the trigger.
18. “Tá tú agam!” arsa an fear, i gcogar.	“I’ve got you!” said the man, in a whisper.
19. “Ná corraigh...”	“Don’t move...”
20. Ach chonaic an seangán cad a bhí ag tarlú.	But the ant saw what was happening.
21. Rith sé suas go dtí an fear.	He ran up to the man.
22. Bhain sé greim as a chos.	Hi bit his foot.
23. Gheit an fear.	The man started.
24. Scaoil sé urchar san aer.	He shot a bullet in the air.
25. Theith an colúr, díreach in am.	The pigeon fled, just in time.
26. “Go raibh míle maith agat,” arsa an colúr leis an seangán.	“Thanks a lot,” the pigeon said to the ant.
27. “Tá fáilte romhat,” arsa an seangán.	“You’re welcome,” said the ant.
28. Agus ansin ar seisean leis féin:	And then he said to himself:
29. “Tá gach aon duine in ann cabhrú, an duine is óige – an duine is lú!”	“Every single person can help, the youngest person – the smallest person!”

Ceacht a Ceathair

Lesson Four

Seangán agus Colúr

Ant and Pigeon

Leathanach 3

Page 3



a haon	number one
páiste / páistí	child / children
duine / beirt / triúr	1/2/3 people
loch / locha	lake(s)
madra / madraí	dog(s)
crann / crainn	tree(s)
te / fuar	hot / cold
cóta / cotaí	coat(s)
siúl / rith	walk / run
bán / dubh	white / black

Cé atá sa phictiúr?
Who's in the picture?
Cad atá sa phictiúr?
What's in the picture?
Cé mhéad páiste atá sa phictiúr?
How many kids are in the picture?
Cén dath atá ar an madra?
What color is the dog?
An bhfuil madra agat?
Do you have a dog?



a dó	number two
fuinneog / fuinneoga	window(s)
dúnta / ar oscailt	closed / open
dún / oscail	close! / open!
trá	beach
farraige	sea
gaineamh	sand
crann pailme	palm tree
tonn / tonnta	wave(s)
ag snámh	swimming

Cad a fheiceann tú sa phictiúr?
What do you see in the picture?
An bhfeiceann tú siorc san uisce?
Do you see a shark in the water?
An bhfuil tonnta ann?
Are there waves?
An bhfuil sé te nó fuar?
Is it hot or cold?
An maith leat an trá?
Do you like the beach?




a trí	number three
cartún / cartúin	cartoon(s)
fear / fir	man / men
coinín / coiníní	rabbit(s)
poll / poill	hole(s)
gunna / gunnaí	gun(s)
cairéad / cairéid	carrot(s)
meacán buí	carrot
hata / hataí	hat(s)
ag seilg	hunting

Cad is ainm don fhear?
What's the man's name?
Cad atá sé ag déanamh?
What's he doing?
Cad atá ag an gcoinín?
What does the rabbit have?
Cá bhfuil an coinín ina chónaí?
Where does the rabbit live?
Ar scaoil tú gunna riamh?
Did you ever fire a gun?



a ceathair	number four
dinnéar	dinner
stobhach / anraith	stew / soup
feoil	meat
práta / prátaí	potato(es)
glasraí	vegetables
babhla / babhlaí	bowl / bowls
arán sóid	soda bread
beoir / fíon	beer / wine
spúnóg / spúnóga	spoon(s)

Cad as a bhfuil an stobhach déanta?
What's the stew made out of?
An itheann tú anraith le forc?
Do you eat soup with a fork?
An itheann tú feoil?
Do you eat meat?
An fearr leat fíon nó beoir?
Do you prefer wine or beer?
An ndearna tú arán sóid riamh?
Did you ever make soda bread?



a cúig	number five
bean / mná	woman/women
cailín / cailíní	girl(s)
iníon / iníonacha	daughter(s)
máthair / máithreacha	mother(s)
ollmhargadh	supermakret
ag ceannach	buying
torthaí	fruits
úll / úlla	apple(s)
mála / málaí	bag(s)
léine / léinte	shirt(s)

Cá bhfuil an bhean agus an cailín?
Where are the woman and girl?
Cad atá an cailín ag déanamh?
What's the girl doing?
An itheann tú úlla go minic?
Do you eat apples often?
Cén saghas torthaí is fearr leat?
What's your favorite fruit?
An gceannaíonn tú torthaí?
Do you buy fruit?